

SCÉIM CHUN MEASÚNUITHE SÍCEOLAÍOCHTA A ORDÚ (SCPA)

Foirm Toilithe

1. Agus an scéal a bheith pléite leis an bpríomhoide scoile, toilím(id) le measúnú a dhéanamh ar m'íníon (mo mhac/ár n-íníon/ár mac) ag síceolaí atá coimisiúnaithe ag an scoil agus atá ar phainéal SCPA. Tuigim(id) go bhféadfadh agallamh aonair le mo/ár mac/íníon agus/nó triacha síceolaíochta a bheith á dhéanamh ag an síceolaí a bheith ina gcuid den mheasúnú.
2. Tuigim(id) go gcuirfear toradh an mheasúnaithe seo in iúl dom/dúinne agus don phríomhoide agus, má mheasann an príomhoide é a bheith cuí, do bhaill bhainteacha eile d'fhoireann na scoile.
3. Toilím(id) go gcuirfear cóip de thuarascáil shíceolaíoch mo pháiste (ár bpáiste) chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)/an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO). Agus mé (sinn) ag toiliú leis seo, tá an méid seo a leanas i bhfeidhm -

Is ceadaithe don Aire Oideachais agus Scileanna, agus dá s(h)eirbhísí nó dá g(h)níomhairí, eolas a bailíodh de thoradh obair an tsíceolaí le do pháiste a choimeád agus a phróiseáil. Is féidir go n-áireoidh sé seo eolas maidir le hatreorú, torthaí measríomhanna más ann dóibh, taifid ar an obair a rinne an síceolaí agus cinntí a thairfead an síceolaí, gan a bheith teoranta de riachtanas dóibh sin. Coimeádfar achoimre den eolas seo i bhformáid leictreonach. Tá sé de cheart ag duine faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 2014 iarratas a chur isteach ar rochtain ar thairfid a bhfuil an t-eolas seo iontu. Caithfear leis an eolas sa bhfoirm seo mar eolas rúnda nó eolas pearsanta, nó mar an dá chineál, chun críocha na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Chun críocha na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, beidh an t-eolas ina chuid de na sonraí pearsanta a choimeádan an tAire Oideachais agus Scileanna. Is í is aidhm leis an t-eolas seo a choimeád ná cabhrú go ginearálta le measúnú a dhéanamh, rud inar féidir a chuimsiú dul i gcomhairle le tríú páirtithe, moltaí a dhéanamh, cásanna a bhainistiú agus eolas staitistiúil a ullmhú. Tá sé de chead ag an Aire Oideachais agus Scileanna chomh maith an t-eolas ar fad nó cuid de a sholáthar do thríú páirtithe de réir mar is cuí chun na gcíochas seo. Tá cead ag duine cóip a iarraidh de na sonraí pearsanta maidir leis nó léi atá á choimeád ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Féadfaidh ROS/SNSO tuairiscí síceolaíochta agus eolas a thugtar do ROS/SNSO faoin scéim a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse, chun a chinntiú go bhfuil forálacha na scéime á gcomhlíonadh, d'fhonn cur ar a chumas machnamh a dhéanamh ar leogacht sholáthar an oideachais i gcásanna ar leith agus/nó measúnú, pleanáil agus comhordú a dhéanamh ar straitéis oideachais maidir le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gcoitinne.

*Le síniú na foirme seo, toillonn na **DAOINE A SHÍNIGH THÍOS** le bailiú agus úsáid an eolais mar atá léirithe thuas.*

Ainm an Dalta: **Dáta Breithe:**

Scoil: **Rang/Bliain:**

Seoladh Baile:

.....

..... **Uimh. Ghutháin:**

TÁBHACHTACH: Ba chóir do chaomhnóir dlíthiúil/caomhnóirí dlíthiúla an linbh síniú anseo thíos

Máthair nó Caomhnóir Dlíthiúil (1)	Athair nó Caomhnóir Dlíthiúil (2)
Uimhir Ghutháin:	Uimhir Ghutháin:
Dáta:	Dáta: